

## **PRÍOMHOIFIGEACH - STIÚRTHÓIR FAISNÉISE AGUS TAIFEAD IN ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN**

Is é Údarás Uchtála na hÉireann an comhlacht rialála don uchtú in Éirinn. Ba mhaith leis an Údarás post nua Stiúrthóir Faisnéise agus Taifead ag leibhéal an Phríomhoifigigh a líonadh. Faoi láthair tá an post bunaithe in Oifig an Údaráis i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Is seirbhísigh phoiblí iad fostaithe de chuid an Údaráis Uchtála.

### **Achoimre ar Údarás Uchtála na hÉireann**

Is comhlacht gar-bhreithiúnach é Údarás Uchtála na hÉireann (ÚUÉ) a bunaíodh ar 1 Samhain 2010 faoin Acht Uchtála 2010 faoi choimirce na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ). De réir Choinbhinsiúin na Háige ar Chosaint Leanaí agus Comhoibriú maidir leis an Uchtú Idir Tíortha, is é an tÚdarás an tÚdarás lárnach don uchtú idir tíortha in Éirinn. Tá sé mar chuspóir an Achta Uchtála 2010 caighdeán san uchtú sa bhaile agus idir tíortha araon a fheabhsú. Tá tuilleadh eolais le fáil ag [www.aai.gov.ie](http://www.aai.gov.ie)

### **Achoimre ar an Ról**

Is post Príomhoifigigh é an post seo a thuairisceoidh go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Beidh freagracht fhoriomlan ag an duine a cheapfar maidir le seirbhísí go léir an Údaráis Uchtála a bhaineann le soláthar faisnéise agus taifead, agus cinnteoidh sé/sí go bhfeidhmeoidh na seirbhísí seo go héifeachtúil agus go hiontaofa de réir caighdeán criticiúil agus línte ama, agus go gcomhlíonfar ionchais chustaiméara go himmheánach agus go seachtrach. Chomh maith le seirbhísí oibriúcháin a sheachadadh, beifear ag súil go nglacfaidh an té a cheapfar ról ceannaireachta i bhforbairt straitéiseach an Údaráis Uchtála agus beidh sé/sí i gceannas ar ullmhúchán agus cur i bhfeidhm na reachtaíochta atá molta maidir le Faisnéis Bhreithe agus Rianú.

Is í an phríomhfheagracht a bheidh ag an Stiúrthóir Seirbhísí Faisnéise agus Taifead ná treorú agus bainistíocht a dhéanamh ar fheidhmíodht oibriúcháin agus straitéiseach an fheidhm nua maidir le Seirbhísí Faisnéise agus Taifead atá ag an Údarás. Beidh sé mar phríomhspríoc ag an aonad seo an reachtaíocht atá molta i dtaca le Faisnéis Bhreithe agus Rianú a chur i bhfeidhm ar fud an Údaráis.

Cinnteoidh an Stiúrthóir Seirbhísí Faisnéise agus Taifead go mbeidh an Údarás ullamh do na hathruithe reachtaíochta atá le teacht, agus athchóiríodh sé/sí na próisis a chinnteoidh go mbeidh an tÚdarás ag comhlíonadh na dlíthe nua go hiomlán.

Beidh sé de dhualgas freisin ar an Stiúrthóir straitéis bainistíochta taifead chun faisnéis agus taifid ar pháipéar agus leictreonach ar fud na heagraíochta ar fad, a fhorbairt, a chur i bhfeidhm, a bhainistiú agus a mhaoirsiú. Tá foráil déanta sa reachtaíocht atá molta d'Fhasnéis Bhreithe agus Rianú go ndéanfaí taifid a chosaint. Déanfaidh an Stiúrthóir Faisnéise agus Taifead moltaí a bhaineann le cosaint, caomhnú agus rochtain ar chartlanna an Údaráis.

### **Príomhfheagrachtaí**

- ❖ Bheith i gceannas ar ullmhúcháin a chur i bhfeidhm maidir le freagrachtaí an Údaráis faoin reachtaíocht atá le teacht ar Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú;

- ❖ Bheith i gceannas ar threocht straitéiseach an Údaráis Uchtála agus a fhreagrachtaí straitéiseacha a sheachadadh;
- ❖ Oibriú i gcomhar le húinéirí próisis ábhartha agus le páirtithe leasmhara seachtracha chun feabhas a chur go leanúnach ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht na seirbhísí a sholáthraíon an tÚdarás Uchtála ;
- ❖ Tionchar a bheith ar chultúr úinéireachta, cáilíochta, comhoibrithe agus gníomhaithe. É a chur chun cinn ionas go mbeidh feidhmíocht éifeachtach ann mar thoradh;
- ❖ Straitéis bainistíochta taifead chun faisnéis agus taifid ar pháipéar agus leictreonach ar fud na heagraíochta ar fad, a fhorbairt, a chur i bhfeidhm, a bhainistiú agus a mhaoirsiú;
- ❖ Moltaí a dhéanamh chun go mbeidh cosaint, caomhnú agus rochtain fheabhsaithe ar thaifid pháipéir agus leictreonach an Údaráis;
- ❖ Freagracht as gach ábhar stairiúil san Údarás a chaomhnú;
- ❖ Próisis bhainistíochta sonraí agus faisnéise a chur chun cinn agus a fheabhsú go leanúnach;
- ❖ Freagracht as gach córas stórála comhad agus bainistíocht díoltóra a bhaineann le comhaid, ar nós seirbhísí stórála, cartlanna, agus digitithe atá in úsáid ar fud an Údaráis;
- ❖ Freagracht as cinnte a dhéanamh de go bhfuil polasaithe, nósanna imeachta agus treoir inmheánach agus seachtrach ann atá ar ardchaighdeán, atá cruinn agus comhsheasmhach agus ata scríofa ar bhealach atá soiléir, inrochtana agus saor ó bhéarla;
- ❖ Tacú le cúrsaí soláthair agus conarthaí tráchtála laistigh den Údarás de réir an chleachtais is fearr;
- ❖ Sainfhaisnéis/sainchomhairle a sholáthar ar chúrsaí taifid a bhaineann leis an uchtú;
- ❖ Córais thaifid láidre a cheapadh agus a chaomhnú, a chomhlíonann caighdeáin cháilíochta agus an reachtaíocht atá ann cheana féin agus atá le teacht;
- ❖ Freagracht as taifid uchtála agus faisnéis eile a stóráil, a aisghabháil agus a rialú go sábháilte agus go rúnda;
- ❖ Freagracht as polasaithe agus nósanna imeachta ar chúrsaí faisnéise agus taifid a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm;
- ❖ Cinnte a dhéanamh de go bhfuil na sonraí ar fad sábháilte agus cosanta;
- ❖ Na caighdeáin rangaithe agus innéacsaithe taifead is fearr a choimeád;
- ❖ Meantóireacht, cóitseáil agus forbairt a sholáthar don fhoireann, bainistíocht feidhmíochta san áireamh, agus pleananna forbartha agus oiliúna ábhartha a chur i bhfeidhm;
- ❖ Dualgais atá ar cóimhéid leis an bpost de réir mar a leagtar síos ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

### **Scileanna Bunriachtanacha**

- ❖ Taithí 5 bliana ar a laghad i ról bainistíochta sa Bhainistíocht Taifead agus Faisnéise nó a comhionann. Shaineolaíocht i gcúrsaí sonraí, taifead agus bainistíochta faisnéise a léiriú.
- ❖ Leibhéal céime in ábhar ábhartha agus cáilíocht iarchéime sa Chartlanna agus Bainistíocht Taifead nó céim den chineál céanna.

- ❖ Taithí i straitéisí forbartha eagraíochtúla a chruthú agus a chur i bhfeidhm – lena n-áirítear anailís ar acmhainní reatha agus fíis don todhchaí a fhorbairt le cásanna gnó bainteacha;
- ❖ Scileanna cumarsáide den scoth, cainte agus scríofa araon, lena n-áirítear scileanna réitithe fadhbanna;
- ❖ Ceannaireacht láidir, scileanna bainistíochta daoine agus an cumas cumarsáid a dhéanamh ag gach leibhéal, lena n-áirítear an cumas tionchar a imirt ar pháirtithe leasmhara sinsearacha;
- ❖ Scileanna bainistíochta tionscadal – Taifead cruthaithe maidir le tionscadail mhórsála a sheachadadh agus freagracht as na tionscadail sin ó thus go deireadh;
- ❖ Mioneolas ar bhainistíocht taifead agus ar shaincheisteanna rúndachta laistigh de thimpeallacht atá cosúil le timpeallacht an Údaráis;
- ❖ An cumas sonarí a anailísiú agus a léirmhíniú chun gníomhartha leasúcháin/athraithe a chur i gcrích.

Tá na scileanna a leanas inmhianach

- ❖ Tríd an fhorbairt ghairmiúil agus an fhoghlaim, bheith cothrom le dáta ar eolas a bhaineann le RGCS, le Cosaint Sonraí agus leis an Acht um Shaoráil Faisnéise agus le reachtaíocht ábhartha eile;
- ❖ Taithí ar ghrúpa éagsúil de pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha a bhainistiú;
- ❖ Scileanna agus eolas ardleibhéal in úsáid córais TF agus inniúlacht cruthaithe in úsáid pacáistí bogearraí dílsithe;
- ❖ An cumas smaoineamh go straitéiseach agus smaointe a chur i gcrích;
- ❖ An cumas saincheisteanna casta a anailísiú, réiteach a mholadh agus deacrachtaí a réiteach go tapaidh;
- ❖ Cur chuige ar mhaithe le torthaí agus an cumas torthaí a sheachadadh in aghaidh spriocanna;
- ❖ Scileanna anailíseacha láidre agus an-chúram a dhéanamh de mhionsonraí.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin bpost agus faoin bpróiseas iarratais, téigh go dtí an rannóg Folúntais ar shuíomh gréasáin an Údaráis ag [www.aai.gov.ie](http://www.aai.gov.ie) **Is é an dáta is deireanaí chun iarratais a fháil ná 12 meán Iae Céadaoin 18 Lúnasa 2021.**